Eochairchéim 2
Drámaíocht Eochairchéim 2

Tá sé de cheart ag na páistí dul i dtaithí ar an drámaíocht agus an deis a bheith acu sin a dhéanamh.

Cuidíonn an drámaíocht le forbairt agus sealbhú teanga. Tá seo níos tábhachtaí arís sa suíomh gaelscolaíochta, sa suíomh tumoideachais.

Tá roinnt moltaí agus smaointe le cur san áireamh thíos.

- béim ar an spraoi agus ar an sult atá le baint as na gníomhachtaí drámaíochta;
- meascán leathan de ghníomhaíochtaí – scéalta, amhráin, rainn, cluichí, drámaí, geamaireachtaí, seónna, finscéalta, miotaseolaíocht, díospóireachtaí, rólghlacadh, srl.;
- straitéisí éagsúla drámaíochta – pictiúr reoite, tabló, suíochán te, rianú smaointe, rólghlacadh agus rianú coinsiasa;
- naisc a dhéanamh le gnéithe eile sa churaclam – traschuraclam;
- páirt a ghlacadh i bhféile drámaíochta;
- dráma a léiriú do lucht féachána – an rang acu féin fiú, rang eile, pobal na scoile nó tuismitheoirí/ caomhnóirí.

Drámaíocht Eochairchéim 2

Straitéisí Foghlama Drámaíochta d'Eochairchéim a Dó

Rianú Smaointe

Léirítear smaointe pearsanta, inmheánacha an charachtair trí dhuine nó trí dhaoine sa ghrúpa ról an charachtair a ghlacadh. Bíonn an stráitéis áirithe seo iontach éifeachtach nuair a úsáidtear é i gcomhar le *Pictiúr Reoite*. Is féidir an ghné seo a leathnú amach má dhéanann lucht an róil idirdhealú idir an rud a deir an carachtar, an rud a smaoiníonn an carachtar agus an rud a mhothaíonn an carachtar.

Sampla
Déanann daltaí, agus iad i ngrúpaí, *Tabló* faoi thuras scoile, faoi laethe saoire nó faoi lá spraoi. Ansin, déantar *Súil ar Smaointeoireacht* ar smaointe agus ar mhothúcháin a gcarachtar ag an bhomaite sin.

Suíochán Te

Cuireann baill eile den ghrúpa ceisteanna ar charachtair faoina luachanna, faoina gcaidrimh, faoina ngníomhaíochtaí agus faoina spriocanna. Is féidir le lucht na gceisteanna a bheith páirteach ann chomh maith mar staraithe nó mar fhinnéithe súl, mar shampla.

Sampla
Agus Finscéalta na hÉireann faoi chaibidil, mar shampla, is féidir le daltaí suí ar *an suíochán te* agus páirt Chú Chulainn nó Fhionn Mac Cumhaill a ghlacadh. Thiocfadh ceisteanna a chur orthu faoi rudaí a bhaineann leis na scéalta clúiteacha sin.

Litir

Is iontach an spreagadh a thugann litreacha agus nótaí do pháistí dul i mbun oibre ar scéal nó ar mhír drámaíochta. In amanna, cuireann an mhír drámaíochta deiseanna chun tosaigh do na páistí dul i mbun pinn agus litreacha agus nótaí a scríobh – litir iontais, litir mhistéireach nó seanlitir mar shampla le cur leis an scéal agus leis an phlota a threisiú.

Sampla
Tugann an múinteoir litir amach do ghrúpaí beaga. Tá cuireadh le haghaidh dinnéir sa litir i dteach tréigthe, teach a bhfuil droch-chlú air. Déanann na grúpaí roinnt rólghlacadh beag agus cuireann siad iad féin in aithne do na haíonna eile ag an dinnéar. Déanann siad iarracht lena oibriú amach cé a chuir an litir agus cén fáth.

Agallamh/Ceistiú

Cuireann "iriseoirí/tuairisceoirí" ceisteanna ar charachtair nó cuireann duine údarásach ceisteanna troma orthu lena fáil amach, tríd na ceisteanna, cad iad na spriocanna, na luachanna nó na barúlacha atá acu faoi rud éigin, chun tuilleadh eolais a aimsiú faoi ghné ar leith sa rólghlacadh nó sa scéal.

Sampla
Glacann na daltaí ról na dtuairisceoirí ag ócáid stairiúil; An Titanic, An Dara Cogadh Domhanda nó An Gorta Mór.

A Chara Dhíl (Scríbhneoireacht Dialainne)

Baintear úsáid as scríbhneoireacht i ndialann le scileanna a fhorbairt a bhaineann le carachtar, le suíomh agus le comhthéacs. Glacann an dalta ról an charachtair.

Sampla
Scríobhann daltaí píosa don dialann ag glacadh róil mar aslonnaithe nó mar pháistí Giúdacha sa Dara Cogadh Domhanda chun na mothúcháin agus an taithí acu a léiriú.

Comhrá Gutháin

Is gníomhaíocht an-simplí é seo d'obair bheirte. Roinneann na páistí scéalta, nuacht agus imeachtaí a bhaineann leis an tasc trí "chomhrá gutháin". Suíonn na páistí droim le droim sa dóigh is go mbeidh an bhéim ar an urlabhraíocht agus ar an éisteacht agus ní ar na gníomhaíochtaí a théann le caint agus leis an aisteoireacht de ghnáth.

Sampla
Is féidir comhrá ar an ghuthán a bhunú ar a lán rudaí éagsúla, mar shampla, cás tromaíochta, finnéithe súl, timpiste bhóthair, mír nuachta nó aon rud atá tráthúil agus tábhachtach don rang.

Carúl na Nollag
Réamhullmhúchán

Cúlra an Dráma

Ar ndóigh, tá **Carúl na Nollag,** bunaithe ar an scéal clúiteach i mBéarla '***A Christmas Carol***' le Charles Dickens. Tá an dráma seo fóirsteanach d'EC2, rang a sé nó rang a seacht go háirithe. Thiocfadh an dráma a dhéanamh mar sheó iomlán scoile don Nollaig agus gach rang a thabhairt isteach áit éigin. Ach mura bhfuil tú muiníneach go leor go fóill leis sin a dhéanamh, is féidir le rang amháin an dráma a léiriú.

Sa dráma, buaileann muid leis an charachtar clúiteach, Scrooge. Ní maith le Scrooge an Nollaig a cheiliúradh, go háirithe ó fuair an seanchara aige, Jacob Marley, bás. Is duine santach, cruálach, gruama é Scrooge. Tá comhlacht aige. Tá sé righin agus crua ar a chuid oibrithe fiú in aimsir na Nollag. Feiceann muid go bhfuil Scrooge uaigneach agus faoi bhrón. Tagann Marley ar cuairt chuige ó na mairbh mar thaibhse. Tugann sé rabhadh dó agus impíonn air a bhéasa a athrú. Tagann trí thaibhse Nollag chuig Scrooge, mar atá Taibhse na Nollag seo Chuaigh Thart, Taibhse na Nollag Faoi Láthair agus Taibhse na Nollag Romhainn.

Feiceann Scrooge an dóigh a raibh a shaol, agus feiceann sé an dóigh a bhfuil an saol ag daoine eile, saol a nia agus saol a oibrithe go háirithe. Foghlaimíonn sé sa deireadh gur chóir a bheith flaithiúil agus múinte le daoine agus sult a bhaint as an saol. Athraíonn sé béasa agus déanann sé an rud ceart.

Na Réimsí Foghlama (Naisc leis an churaclam)

Forbairt Phearsanta

- cairdeas, maithiúnas, saint
- féilte – An Nollaig, ceiliúradh
- daoine ag athrú – ag foghlaim ceachta, ag comhoibriú

An Domhan Thart Orainn

- An Nollaig
- An Stair – an Saol mar a Bhí, Na Victeoiriaigh

Litearthacht

- forbairt teanga
- carachtair
- urlabhraíocht
- rólghlacadh
- léitheoireacht
- '*A Christmas Carol*' (an leagan Béarla)
- ag amharc ar stileanna scríbhneoireachta (ag scríobh le haghaidh sprice)
- ag glacadh róil duine eile – ag scríobh 'i gcarachtar'
- léitheoireacht

Ealaín

- seit a thógáil
- frapaí a thógáil agus a dhearadh

Ceol

- uirlisí a úsáid ar mhaithe le héifeacht
- uirlisí a ainmniú
- amhránaíocht – na hamhráin a fhoghlaim

An tArdán

An cúlra a choinneáil simplí! Thiocfadh seansráideanna Victeoiriacha a tharraingt ar chúlbhrat agus é in úsáid mar chúlra. Is féidir le radharc sráide a bheith iontach éifeachtach – tithe, foirgnimh, siopaí, monarchana, simléir agus tithe pobail. Is féidir an ceann céanna a úsáid don dráma eile **Páistí na Muilte**.

Is féidir leis na páistí, ar ndóigh, a bheith ag obair ar an seit faoi stiúir an mhúinteora. Fanfaidh an cúlra nó an cúlbhrat in airde ó thús deireadh an dráma.

Carachtair

Ag brath ar líon na bpáistí sa rang, nó má tá dhá rang ag obair le chéile, is féidir le beirt nó triúr in amanna an pháirt chéanna a bheith acu. Mar shampla, thiocfadh líon na scéalaithe a mhéadú go measartha furasta. Cuir gach páiste ar an ardán ón tús ina seasamh i líne nó mar dhá ghrúpa agus binsí in úsáid. Ansin, bheadh gach dalta infheicthe ó thús deireadh. Bíodh an cór ar an ardán agus thiocfadh na haisteoirí amach chun tosaigh ag na hamanna cearta.

An Cór – an rang – gach duine

Scéalaí 1 agus 2

Scrooge – páirt ollmhór

Oibrithe Scrooge – beirt – páirt measartha mór

Nia Scrooge – páirt measartha mór

Teaghlach nia Scrooge – bean agus cúpla páiste – páirt bheag, **Tiny Tim** ina measc

Carúl na Nollag
Réamhullmhúchán

Grúpa 1 – daoine ag cruinniú airgid – ag ceol amhráin na Nollag – páirt bheag – féidearthacht chun níos mó páistí a chur isteach

Grúpa 2 – daoine ag gabháil ceoil – feadóg srl. – arís páirt bheag agus féidearthacht chun méadú nó dúbláil

Marley – páirt measartha mór

Sagart – páirt bheag

Na Trí Thaibhse

Taibhse na Nollag seo Chuaigh Thart – *Scrooge óg ag obair – craic, cóisir, ceol oíche Nollag* – Páirt mheasartha
Taibhse na Nollag Faoi Láthair – *Nollaig i dteach an nia aige* (*Nollaig teaghlaigh*) – *Nollaig i dteach oibrí leis* (*níl go leor bia acu ach tá siad iontach sásta*) – Páirt mheasartha
Taibhse na Nollag Romhainn – *Scrooge marbh – níl ach an nia ag an tórramh* – Páirt mheasartha

Feisteas

Rudaí a choinneáil simplí! Is féidir leis na páistí a bheith gléasta i seanéadaí Victeoiriacha.

Bheadh an Cór, na hoibrithe agus na páistí ag cruinniú airgid gléasta sna héadaí seo.

Buachaillí – bairéad bréidín (caipín), bríste, léine agus bástcóta (dathanna dorcha)

Cailíní – seál, gúna dorcha simplí, léine (dathanna dorcha)
Thiocfadh leis na haisteoirí a bheith cosnochta fosta. Cuirfidh sé le héifeacht an dráma chun páistí bochta an lucht oibre a léiriú.

Scrooge – Tá sé tábhachtach go bhfeictear difear idir éadaí Scrooge agus éadaí na gcarachtar eile. Is daoine uasaicmeacha iad Scrooge agus a nia. Thiocfadh leo éadaí den chineál seo a leanas a chaitheamh; culaith, hata ard, carbhat, léine dheas agus maide siúil.

Marley agus na Taibhsí Nollag – éadaí bána nó dorcha, riteoga agus léinte.
Thiocfadh smideadh nó péint aghaidhe a chur orthu chun cuma scanrúil a chur ar na taibhsí.

Scéalaithe – Thiocfadh leis na scéalaithe gnáthéadaí a chaitheamh nó na seanéadaí Victeoiriacha.

Frapaí

Cuireann frapaí go mór le drámaí. Sin ráite, áfach, tá sé tábhachtach fosta cuimhneamh go bhfuil a lán le déanamh ag na páistí cheana féin idir aisteoireacht, cheol agus línte a fhoghlaim.

Níl anseo ach cúpla féidearthacht i dtaca le frapaí de. Is féidir cur leis nó baint de. Is féidir na frapaí a thógáil agus a dhearadh san Ealaín nó i dTeicneolaíocht an Eolais.

- Sean-Mhórleabhair (don oifig)
- Turcaí beag agus turcaí mór
- Pléascóga Nollag
- Boscaí airgid
- Leac uaighe do Scrooge ag an deireadh – bosca cairtchláir
- Uirlisí ceoil

Má tá tú ag obair i scoil ina bhfuil páistí Bonnchéime, bíonn a lán bréagán acu is féidir a úsáid mar fhrapaí.

Na Radhairc

Radharc a hAon – Teach an Airgid, áit oibre Scrooge

Radharc a Dó – Teach Scrooge

Radharc a Trí – Taibhse na Nollag seo Chuaigh Thart

Radharc a Ceathair – Taibhse na Nollag Faoi Láthair

Radharc a Cúig – Taibhse na Nollag Romhainn

Radharc a Sé – Teach Scrooge ar maidin Nollag

Radharc a hAon

Cór – Seo chugaibh Carúl na Nollag le . . .

Scéalaí 1 – Seo seanscéal iontach ag an am seo den bhliain – An Nollaig ag druidim linn agus gach duine smaointeach agus fial flaithiúil.

Scéalaí 2 – Scéal iontach. Tá mé cinnte gur chuala sibh faoi –'**Carúl na Nollag**', (*A Christmas Carol*), Scrooge.

Cór – (*Ag ceol le fonn* '***Rudolf an Fia Rua***') Rian 12

Scrooge an duine santach, bhí airgead aige uilig dó féin.
Agus dá bhfeicfeá riamh é, déarfá linn nach raibh sé fial.
Bhíodh na daoine eile scanraithe agus buartha faoi,
Ní ligfeadh Scrooge dó féin páirt a ghlacadh i gcluichí.

Oíche Nollag cheomhar bhán, tháinig na taibhsí
(*de scairt mar bhagairt*) Scrooge, an dóigh a bhfuil do shaol, beidh tú i mbaol.
Bhí grá ag na daoine eile dó (*de scairt*) sa deireadh
Scrooge an duine santach, nach ortsa a bheas clú is cáil.

(*Tagann Scrooge ar an ardán, agus é ag siúl thart, ceolann an cór*).

Cór – Scrooge, Scrooge. Ní maith le duine ar bith Scrooge. (*faoi dhó*)

Scrooge – Dhá phingin anseo, trí pingin ansin. Ó, is breá liom airgead nuair is domsa agus domsa amháin atá sé!!

(*Amach leis na scéalaithe agus Scrooge sioctha ar an ardán sa lár*).

Scéalaí 1 – Lá de na laethanta agus uair de na huaireanta, Oíche Nollag le bheith beacht, bhí sean-Scrooge i dteach an airgid ag cuntas agus ag cuntas a chuid airgid, ag déanamh cinnte de go raibh a fhios aige cá raibh gach pingin.

Scéalaí 2 – Anois, bhí níos mó airgid aige ná riamh go háirithe ó fuair an seanchara leis, i bhfírinne, an t-aon chara amháin a bhí aige, bás. Marley, sea Jacob Marley, fuair sé bás Oíche Nollag seacht mbliana roimhe seo.

(*Imíonn na scéalaithe. Tagann beirt oibrithe a fhad le Scrooge. Tá Scrooge ag baint sult as an chomhaireamh agus as an chuntas. Tá na hoibrithe ar bís le dul abhaile. Oíche Nollag atá ann*).

Scrooge – (*Ag ceol*) Trí is a trí is a trí, sin a naoi. Ó, is liomsa agus is liomsa amháin an t-airgead seo uilig!
Cór – (*Ag ceol*) Trí is a trí is a trí, sin a naoi. Ó, is le Scrooge agus is le Scrooge amháin an t-airgead seo uilig!

Oibrí – (*eagla air*) – Scrooge, Scrooge, Ebeneezer. An bhfuil seans ar bith ann go dtiocfadh liom...go mbeidh mé ábalta... tá a fhios agat....

Scrooge – (*Go giorraisc*) Cad é? Ní thuigim thú. Tá tú ag cur mo chuid ama amú. Am – sin airgead. Cad é atá cearr?

Oibrí – Ba mhaith liom...ba mhaith linn... (*Amharcann sé ar a chara*)

Oibrithe – (*le chéile ag impí*) ... imeacht go luath. Oíche Nollag atá ann.

Scrooge – Oíche Nollag. Oíche Nollag. Imeacht go luath, an ea? Nach bhfuil a fhios agam go maith gur seo an cheathrú lá fichead de mhí na Nollag. Gnáthlá atá ann. Fan go bhfeice mé anois. Sea, tig libh imeacht ar a sé.

Oibrithe – (*Le chéile agus le hiontas*) Sé a chlog? Nach ar a cúig a chríochnaíonn muid de ghnáth?

Carúl na Nollag
An Dráma

Scrooge – Bhuel, beidh sibh saor amárach! Ná déanaigí dearmad den Nollaig.

(*Imíonn na hoibrithe faoi bhrón agus iad ar buile leo féin gur chuir siad ceist amaideach. Cuireann siad an locht ar a chéile. Leanann Scrooge ar aghaidh leis an chuntas*).

Oibrithe – Locht ortsa, locht ortsa (*Suíonn siad síos ar an ardán agus filleann ar an obair*).

Scrooge – Trí is a trí is a trí, sin a naoi. Ó, is liomsa agus is liomsa amháin an t-airgead seo uilig!

Cór – (*Ag ceol mar aithris air*) Trí is a trí is a trí, sin a naoi. Ó, is le Scrooge agus is le Scrooge amháin an t-airgead seo uilig!

(*Isteach le nia Scrooge. Cluineann tú é ag guí Nollaig Shona ar na hoibrithe eile ar dtús agus ag croitheadh lámh leo. Tá Scrooge i lár an ardáin agus na hoibrithe ina suí in aice láimhe agus iad crom ar an obair*).

Nia – (*Go háthasach leis an bheirt oibrithe*) Beannachtaí na Nollag.

Oibrithe – Beannachtaí na Nollag.

Nia – (*Téann sé a fhad le Scrooge*) A Uncail Scrooge , Ebeneezer, Cad é mar atá tú? Agus Nollaig Shona duit.

Scrooge – Bá, Humbug!

Cór – Bá, humbug!

Nia – (*Iontas air*) Humbug, a uncail. An Nollaig atá ann. Seo Oíche Nollag. Daidí na Nollag ag teacht. In ainm Chroim!

Scrooge – An Nollaig. Tá sin ceart. Bliain níos sine, bliain níos boichte. Nollaig Shona! Nollaig Shona, mar dhea!

(*Is féidir leis an Chór gníomhaíochtaí a chur leis na samplaí a thugann an nia – ag croitheadh lámh lena chéile, ag bronnadh bronntanas ar a chéile srl.*).

Nia – Bhuel, is breá liomsa é – ag tabhairt bronntanas, ag tabhairt cuairt ar dhaoine, Daidí na Nollag, bréagáin, pléascóga, bia deas. Nollaig Shona, a uncail agus....

(*Tá na hoibrithe ag éisteacht agus idir bhród agus áthas orthu. Tugann siad bualadh bos don nia*).

Scrooge – (*Briseann sé isteach ar an nia go dímhúinte agus go feargach*). Tráthnóna maith.

Nia – Nollaig Shona.

Scrooge – Tráthnóna maith.

Nia – (*Ag imeacht agus é ag scairteadh*). Nollaig Shona, agus Bliain Úr faoi mhaise duit.

Scrooge – (*Leis an nia*). Tráthnóna maith. (*Leis na hoibrithe go feargach*) Agus sibhse ..... ar ais ar obair!

Cór – Obair, obair, agus tuilleadh oibre!! (*Gníomhaíocht – greadadh cos*).

(*Scrooge sioctha ar an ardán. Tagann na scéalaithe ar ais*).

Scéalaí – (*Le chéile*). Mar a fheiceann sibh, bhí Scrooge ina dhuine....

Scéalaí 1 – ...bhuel , gránna, santach, cruálach, dímhúinte, agus...

(*Déanann an Cór aithris ar na focail a deir na scéalaithe*).

Scéalaí 2 – ...uaigneach fosta.

Cór – Aaaaahhhh

Scéalaí 1 – Ní raibh cairde ar bith aige.

Scéalaí 2 – Ní nach ionadh.

(*Imíonn na scéalaithe. Filleann Scrooge ar an chuntas, níos ciúine an iarraidh seo leis féin*).

Scrooge – Trí is a trí is a trí, sin a naoi. Ó, is liomsa agus is liomsa amháin an t-airgead seo uilig!

(*Cluineann muid páistí ag ceol – Amhráin Nollag –* '***Oíche Chiúin***' (*tionlacan ceoil leis an fheadóg stáin*). *Scrooge ag cailleadh foighne ag éisteacht leo. Is féidir leis na páistí a bheith chun tosaigh ar an ardán, más mian leat.*

Ag deireadh an amhráin, tagann cúpla duine chuig an doras ag bailiú airgid do dhaoine bochta – buaileann siad cnag ar an doras).

Páistí – Tá muid ag ceol is ag cruinniú airgid do.....

Scrooge – ...Bá Humbug!! (*Cuireann sé an ruaig orthu*). Amach libh. Imígí!

Cór – Bá Humbug!

(*Filleann na ceoltóirí faoi bhrón ar an áit acu*).

Oibrí – (*Le faitíos*). Scrooge. Scrooge. Ebeneezer. Níl ann ach lá amháin sa bhliain, a dhuine uasail.

Scrooge – (*Le fearg.*) Leithscéal iontach chun airgead a ghoid uair sa bhliain, ar an chúigiú lá fichead de mhí na Nollag. (*Imíonn sé le tosú ar an obair arís*).

(*Tagann grúpa de dhamhsóirí isteach ag cruinniú airgid. Is féidir leo damhsa Gaelach a dhéanamh ar an ardán.*
Éisteann agus amharcann Scrooge agus a chuid feirge ag ardú.
Déanann siad damhsa – buaileann siad cnag ar an doras).

Páistí – Please sir , may we have some more.....

Scrooge – More, More, sin Oliver Twist! Seo Carúl na Nollag – Is mise Scrooge.

Cór – Scrooge, Scrooge. Ní maith le duine ar bith Scrooge. (× 2)

Scrooge – (*Leis an chór*). Sin mé, go raibh maith agaibh...
(*Leis na páistí*). Bá, Humbug... Imígí. Bá, Humbug.

Cór – Bá Humbug!

(*Cuireann Scrooge an ruaig ar an dara grúpa..... Ansin, tá sé sioctha arís ar an ardán*).

Carúl na Nollag
An Dráma

Radharc a Dó

Scéalaí 1 – Téann Scrooge abhaile chuig a theach féin ar Oíche Nollag.

Scéalaí 2 – Níl duine ar bith ag fanacht air. Tá Marley marbh le tamall. Tá sé leis féin sa teach mór, dubh, dorcha, gránna.

(*Imíonn na scéalaithe agus téann Scrooge ar shiúlóid ag dul abhaile chuig a theach féin. Cuireann sé i gcéill go bhfuil sé ag cuardach a chuid eochracha. Déanann sé iarracht an doras a oscailt. Amharcann sé ar an chnagaire. Síleann sé go bhfeiceann sé Marley*).

Scrooge – *AAAAhhh.* Shíl mé ar feadh soicind...shíl mé go bhfaca mé Marley..... (*Croitheann sé a cheann*). Tuirseach, Am luí. (*Méanfach*).

Cór – Tuirseach. Am luí. (*Méanfach*).

(*Luíonn Scrooge síos ar an ardán, agus titeann sé ina chodladh. Déanann sé cúpla srannfach*).

(*Cluineann muid fuaim mhór aisteach – uirlisí ceoil – soilse, srl. Músclaíonn sé. Taibhse Marley atá ann!*).

Scrooge – Marley! (*Crith ina ghlór*), Marley! Marley! (*Cuimlíonn sé a chuid súl*).

Marley – Sin ceart. Jacob Marley. Do pháirtnéir. Do chara. Socraigh síos.....ná bí buartha...

Scrooge – Marley! Marley! Tá tú marbh!!!

Marley – (*Ag baint sult as Scrooge a bheith ag fulaingt*). Bhuel, bhuel, Scrooge. Níor athraigh tú do bhéasa mórán. Ach, tá mé anseo le cuidiú leat.

Scrooge – Aaah! Cuidiú liom.... an gnó, an t-airgead....

Marley – (*feargach*) Ní hea! Ní hea! Chan an gnó ná an t-airgead!! An saol, an domhan, daoine!! Tá sin níos tábhachtaí!

(*Stopann Scrooge de bheith ag éisteacht nuair a thosaíonn Marley ag caint faoin saol agus faoin domhan*).

Marley – Éist liom!!

Cór – Éist leis!

Marley – Tá mé ag dul rabhadh a thabhairt duit.

Cór – Rabhadh (*Méar dírithe amach.*)

Marley – Athraigh do shaol. Déan rudaí níos fearr. Bí deas le daoine. Bí cairdiúil. Bí cineálta. Bí flaithiúil, bí, bí .....

Scrooge – Mise!

Marley – Seo do sheans deireanach! Tiocfaidh trí thaibhse chugat. Trí Thaibhse na Nollag!

Cór – Tiocfaidh trí thaibhse chugat – trí thaibhse na Nollag!

(*Imíonn Marley agus titeann Scrooge ar ais ina luí agus é trína chéile*).

Radharc a Trí

(*Tagann an chéad taibhse. Cluintear ceol scanrúil nó '**Thriller**' le Michael Jackson. Isteach leis an chéad ghrúpa taibhsí. Is féidir soilse ardáin a úsáid anseo. Ceol/damhsa a fhad le Scrooge. Téann an ceol/damhsa ar aghaidh agus sa deireadh músclaíonn Scrooge*).

Scrooge ag rith thart ag iarraidh éalú .....faigheann beirt greim sciatháin air. Cuma scanraithe ar Scrooge.

Taibhsí Nollag seo Chuaigh Thart – Is muidne taibhsí na Nollag seo Chuaigh Thart!!!

Scrooge – (*Ag éirí níos muiníní*). An Nollaig seo chuaigh thart? An Nollaig seo chuaigh thart...blianta ó shin.

TNSCT – Ní hea. Ní hea. Do Nollaig. Do Nollaig. Tar liom.

(*Beireann sé greim ar Scrooge agus imíonn gach duine leo. Glacann an Taibhse Scrooge ar ais siar chuig an Nollaig aige agus é níos óige. Imíonn siad leo thart ar an ardán agus stopann sa deireadh. Feiceann muid oibrithe agus seanfhear amuigh ar an ardán. Tig le Scrooge iad a fheiceáil, ach ní féidir leo Scrooge a fheiceáil. Siúlann sé thart ag amharc, ach ní thugann duine ar bith faoi deara go bhfuil sé ann. Sa deireadh, labhraíonn Scrooge*).

Scrooge – Ní thig leis seo a bheith fíor. (*Ag amharc ar na hoibrithe*). Ní chreidim é. Seo an áit oibre agam, nuair a bhí mé beag. Sin Old Fezziwig. Amharc Oíche Nollag atá ann.

TNSCT – Agus amharc ar an chraic agus an súgradh ag dul ar aghaidh.

(*Daoine ag damhsa. Cúpla luascadh céilí, srl. Feiceann Scrooge go raibh daoine flaithiúil agus cineálta leis ina óige*).

Scrooge – Sin mise agus an cailín a thréig mé. (*Leis na taibhsí*) Ní thig liom amharc. Ní thig liom. Glac ar shiúl mé!! Le do thoil....

(*Glacann na páistí Scrooge ar shiúlóid arís agus stopann siad i lár an ardáin é. Casann sé thart agus thart agus titeann sé de phlimp agus é ag rámhaille agus ag casadh thart agus thart. Cluineann muid na huirlisí ceoil. Tiontaíonn Scrooge thart agus thart agus titeann sé ar ais ina chodladh*).

Radharc a Ceathair

(*Tost gairid ann agus tosaíonn an ceol scanrúil arís nó '**Thriller**', agus tarlaíonn an rud céanna leis an dara grúpa taibhsí*).

Taibhsí na Nollag Faoi Láthair – Is muidne taibhsí na Nollaig Faoi Láthair!!

(*Suas ar an ardán leis na taibhsí agus thart ar Scrooge*).

Scrooge – Dia ár Sábháil! Arís!

TNFL – Bhuel, níl sin go huile is go hiomlán ceart. An Nollaig **seo chuaigh thart** a chonaic tú tamall ó shin. Seo chugat do Nollaig féin ach do Nollaig faoi láthair.

(*Amharcann Scrooge go hamhrasach ar fad ar na taibhsí*).

TNFL – B'fhéidir go n-aithneoidh tú cúpla duine.

(*Feiceann Scrooge a nia agus an teaghlach aige ag an Nollaig agus daoine ag baint sult as. Arís eile, ní thig leo Scrooge a fheiceáil. Is féidir leo a bheith ag tarraingt pleascóga Nollag nó ag croitheadh lámh lena chéile*).

Scrooge – (*Ní thuigeann Scrooge na rudaí atá le feiceáil anseo*). Sin mo nia, agus a theaghlach. Tá cuma iontach sásta orthu.

(*Imíonn an nia agus teaghlach agus tagann dream eile*).

Carúl na Nollag
An Dráma

TNFL – Tá rud amháin eile againn le taispeáint duit.

(*Feiceann muid teaghlach oibrí de chuid Scrooge agus iad ag déanamh réidh do dhinnéar na Nollag. Níl mórán acu, ach tá siad go fóill ag ceiliúradh. Is féidir radharc dinnéir a dhéanamh anseo le turcaí beag. Arís, níl siad ábalta Scrooge a fheiceáil*).

Scrooge – Sin duine de na daoine a oibríonn dom.

TNFL – Ní thugann tú mórán airgid dó, fiú Bónas Nollag deas féin. Amharc. Tá teaghlach mór acu ann – agus turcaí beag.

Tiny Tim – Go raibh maith agat, a mhamaí. Go raibh maith agat, a dhaidí. Tá an Nollaig seo ar dóigh.

Oibrí Scrooge – Is páiste iontach thú, Tiny Tim. Gasúr maith.

(*Amharcann Scrooge ar theaghlach a oibrí agus iad ag streachailt leis an saol chun dinnéar Nollag a chur ar fáil. Ach, tá na páistí iontach buíoch den bheagán atá acu*).

Scrooge – (*Leis na taibhsí*) Ní thig liom amharc. Ní thig liom. Glac ar shiúl mé.

(*Tugann an taibhse Scrooge ar ais agus casann sé thart agus thart agus titeann sé de phlimp ar an urlár agus é ag rámhaille agus ag tiontú is ag tiontú. Titeann sé ina chodladh arís. Sula dtagann na taibhsí deireanacha, filleann na scéalaithe*).

Radharc a Cúig

Scéalaí 1 – Mar a fheiceann muid, tá Scrooge ag foghlaim ceachta. Ceacht iontach tábhachtach. Ceacht don saol.

Scéalaí 2 – Tá seans aige a shaol a athrú, a chur ina cheart, bheith ina dhuine maith. Ach tá taibhse amháin go fóill le theacht.

Cór – Wooooooo!!

(*Ceol Scanrúil/'**Thriller**' arís. Isteach le Taibhsí na Nollag Romhainn. Agus tarlaíonn na rudaí céanna a tharla leis an dá ghrúpa eile taibhsí*).

Taibhsí na Nollag Romhainn – (*A fhad le Scrooge agus greim sciatháin air – duine ag gach taobh*). Bhuel Scrooge, tá rud amháin ann nár thaispeáin muid duit go fóill. Nach bhfuil sin ceart?

TNR – (*Le chéile*). Tá sin ceart!

TNR – An Nollaig mar a bheas sé. An Nollaig atá romhainn.

(*Tugann an Taibhse Scrooge thart agus feiceann sé an Nollaig romhainn. Ach, tórramh atá ann – a thórramh féin agus gan i láthair ach an nia agus Sagart. Feiceann muid an Sagart agus an nia, a gcloigne fúthu agus cuma bhrónach orthu. Siúlann an sagart amach le leacht uaighe agus bíobla*).

Sagart – (*Gearrann sé fíor na croise air féin*). In Ainm an Athar, agus a Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméin.

Cór – (*Gearrann siad fíor na croise orthu féin*). In Ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméin.

(*Cromann an Cór a gcloigne agus baineann díobh a gcaipíní*).

Nia – (*Ag caoineadh*) – A uncail. A uncail Scrooge. Tá tú imithe. Tá tú imithe go deo.

(*Arís eile, siúlann Scrooge thart ag amharc ar gach rud. Ní thig le duine ar bith é a fheiceáil. Nuair a thugann sé faoi deara cad é atá ag dul ar aghaidh, tá uafás air. Scairteann sé níos airde ná na huaireanta eile. Imíonn na taibhsí*).

Scrooge – Sin...sin...sin... mise!!!! Ní thig liom amharc. Ní thig liom. Glac ar shiúl mé, le do thoil!

(*Déanann na taibhsí réidh le himeacht le Scrooge arís. Tugann siad é go lár an ardáin. Ach, tugann siad rabhadh do Scrooge*).

TNR – Fadhb ar bith, Scrooge. Ach seo an rud atá i ndán duit – an bás. Bás uaigneach. Sin do chinniúint mura n-athraíonn tú béasaí.

(*Casann siad Scrooge thart agus thart. Cluineann muid uirlisí ceoil nó feictear soilse. Titeann Scrooge de phlimp ar an urlár. Titeann sé ar ais ina chodladh*).

Radharc a Sé

(*Cluineann muid ceol Nollag nó cloig ag bualadh. Maidin Nollag atá ann. Músclaíonn Scrooge de réir a chéile. Cluineann sé an ceol agus éiríonn sé go gasta. Ritheann sé anonn is anall ag amharc thart. Go tobann, stopann sé agus labhraíonn leis an lucht féachana*).

Scrooge – (*Iontach tógtha*). Seo maidin Nollag. Seo maidin Nollag. Beannachtaí na Nollag.

(*Cuireann sé ceist ar an chór*).

Scrooge – Nach seo maidin Nollag?

Cór – Seo maidin Nollag.

Scrooge – Nollaig Shona, gach duine.

Cór – Nollaig shona, gach duine.

(*Isteach le gach duine ar an ardán. Seo seans leis na haisteoirí uilig a thabhairt le chéile ar an ardán don deireadh, go háirithe má bhí grúpaí éagsúla in úsáid do na taibhsí. Déanann siad uilig réidh le deireadh a chur leis an dráma. Cuimhníonn Scrooge ar rud éigin*).

Scrooge – Fanaigí. Rinne mé dearmad ar rud éigin. Tiny Tim, goitse.

(*Imíonn Scrooge, faigheann turcaí níos mó agus bronnann ar Tiny Tim é*).

Scrooge – Seo duit. Nollaig Shona daoibh.

Tiny Tim – Go raibh maith agat. Nollaig Shona duit.

Cór – Nollaig Shona daoibh uilig go léir.

Cór – (*Ceolann gach duine an t-amhrán atá ag tús an dráma* (*féach lch 1 –* '***Scrooge an Duine Santach***' *– Fonn:* '***Rudolf an Fia Rua***') **Rian 12**

Scrooge an duine santach, bhí airgead aige uilig dó féin.....

AN DEIREADH

Carúl na Nollag
Na hAmhráin

Baineann na páistí an-sult as an amhránaíocht, agus is bealach iontach furasta agus éifeachtach iad na hamhráin chun cur le saibhreas teanga na bpáistí. Is féidir na huirlisí ceoil a úsáid le tionlacan a dhéanamh agus de ghnáth, faoin am seo in EC 2, bheadh páiste ábalta uirlisí ceoil a sheinm. Is fiú úsáid a bhaint as cibé tallann agus cumas ceoil atá ag na páistí sa rang. Bheadh a fhios ag an mhúinteoir ranga faoi seo.

Is féidir gníomhaíochtaí simplí a chur leis na hamhráin. Bíonn sé seo úsáideach i ndráma ar bith. Is féidir leis an mhúinteoir cur leis na hamhráin seo agus baint díobh fosta ag brath ar ábaltacht an ranga agus na bpáistí.

Tá aon amhrán mór amháin sa dráma seo. Ceoltar é ag an tús agus ag an deireadh. Is féidir é a cheol leath bealaigh tríd más mian leis an mhúinteoir, nó véarsa amháin a úsáid idir radhairc nó, mar shampla, nuair atá na páistí ag cruinniú airgid thart ar na doirse.

Tá sé bunaithe ar an amhrán Nollag clúiteach '***Rudolf an Fia Rua***'. Beidh an t-amhrán seo ar eolas ag na páistí ó EC1. Mura bhfuil, áfach, tá sé furasta an bunamhrán a theagasc fosta. Déarfainn go mbeidh an rang ag ullmhú *Carúl na Nollag*, ag an Nollaig cibé. Mar sin de, beidh sé tráthúil.

Amhrán 1
(*Ag ceol le fonn* '***Rudolf an Fia Rua***').

Rian 12

Scrooge an duine santach, bhí airgead aige uilig dó féin.
Agus dá bhfeicfeá riamh é, déarfá linn nach raibh sé fial.
Bhíodh na daoine eile scanraithe agus buartha faoi,
Ní ligfeadh Scrooge dó féin páirt a ghlacadh i gcluichí.

Oíche Nollag cheomhar bhán, tháinig na taibhsí
(*de scairt mar bhagairt*) Scrooge, an dóigh a bhfuil do shaol, beidh tú i mbaol.
Bhí grá ag na daoine eile dó (*de scairt*) sa deireadh
Scrooge an duine santach, nach ortsa a bheas clú is cáil.

Smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí fisiciúla san amhrán

Véarsa a haon

1. líne a haon – díríonn na páistí méar leo ar Scrooge agus cuimlíonn siad ordóg agus an tsínteog acu le chéile ag léiriú airgid. (*Deis iontach é seo le hainmneacha na méar a theagasc do na páistí – ordóg, sínteog, faideog, fáinneog agus lúidín*).
2. líne a dó – ardaíonn na páistí lámh acu in aice a gcuid súl agus croitheann siad a méara ó thaobh go taobh ag léiriú diúltachais.
3. líne a trí – aghaidheanna scanrúla.
4. líne a ceathair – ag croitheadh a gcloigne ó thaobh go taobh chun "Ní hea" a léiriú.

Véarsa a Dó

1. líne a haon – cloigíní a úsáid chun an Nollag a chur in iúl, "Wúúúúúúúúú" i ndiaidh an fhocail "taibhsí" leis an éifeacht scanrúil a thógáil.
2. líne a dó – páistí ag greadadh cos agus ag croitheadh méar amhail is go bhfuil siad ag tabhairt amach go feargach.
3. líne a trí – páistí ag oscailt amach na lámh acu, ag taispeáint grá.
4. líne a ceathair – díríonn na páistí méar leo ar Scrooge arís.

Gníomhaíochtaí

Tá a lán féidearthachtaí ann le haghaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an Domhan Thart Orainn (DTO) sa dráma seo. Is féidir bileoga oibre agus gníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar na topaicí seo a leanas: bochtaineacht, tréithe an duine nó taibhsí.

Fiosrúchan Ranga/Obair Thionscadail

Teicneolaíocht na Faisnéise
Thiocfadh leis na páistí eolas a chuardach ar Charles Dickens agus a shaothar liteartha eile. Ba scríbhneoir mór le rá é Charles Dickens. Tá clú agus cáil air mar gheall ar '***The Christmas Carol***'. Ach scríobh sé úrscéalta eile chomh maith.
www.charlesdickenspage.com
www.enotes.com/authors/charles-dickens
www.simplydickens.co.uk

An Domhan Thart Orainn (DTO)

1.Thiocfadh leis na páistí mionstaidéar a dhéanamh ar thír dhúchais Charles Dickens. Daingníonn obair den chineál seo an téarmaíocht tíreolaíochta atá de dhíth don DTO.

DTO – Tíreolaíocht

Mar chuid den fhiosrúchán tíre ar Shasana, rachaidh na páistí i dtaithí ar bhratach Shasana. Tá féidearthacht anseo a bheith ag amharc ar bhratacha eile – an Bhreatain Bheag, Albain agus Éire. Tá deis ann leis an siombalachas a bhaineann le bratacha a phlé agus a scrúdú. Thiocfadh leis an mhúinteoir an t-ábhar seo a shíneadh amach fosta. Is féidir amharc ar na tíortha sin a bhí faoi smacht ag na Sasanaigh ag an am seo sa tréimhse Victeoiriach fud fad an domhain, Éire ina measc.

Bheadh obair thaighde, fiosrúcháin agus obair léarscáilíochta sa tsiúl. Is féidir fosta amharc ar an dóigh a n-athraíonn léarscáileanna agus tíortha le himeacht ama. Díríonn an obair seo isteach níos mó ar an ghné tíreolaíochta den DTO. Ach tá deiseanna ann le naisc a dhéanamh leis an stair fosta.

Tá sé nasctha leis an *Saol mar a Bhí, Na Victeoiriaigh* agus *An Gorta Mór*. Bain úsáid as an leabhar '***Bratacha***' de chuid An Áisaonaid.

DTO – Stair Áitiúil

In amanna, má bhíonn gné den obair scoile a bhaineann le ceantar na scoile agus fód dúchais na bpáistí iad féin, is mó suim a bheas acu san obair a bhíonn idir lámha acu. Luaitear *Teach an Airgid* sa dráma agus is cinnte go bhfuil an foirgneamh tábhachtach sa scéal. Ar a bharr sin, bheadh cúlra déanta ag na páistí don chúlbhrat le radharc sráide Victeoiriach agus foirgnimh, monarchana agus tithe pobail éagsúla. Tá deis anseo don rang mionstaidéar a dhéanamh ar na foirgnimh, tithe, monarchana agus tithe pobail Victeoiriacha atá go fóill le feiceáil sa cheantar acu féin nó measartha cóngarach dóibh. Is féidir teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí a dhéanann na turais threoraithe sa chathair nó le staraí áitiúil, cosúil le Tom Hartley i mBéal Feirste.
www.toursbylocals.com
www.localhistories.org/belfast.html.

Thiocfadh leis an rang mionstaidéar a dhéanamh ar fhoirgneamh nó ar ionad Victeoiriach amháin ón liosta agus tuilleadh eolais a aimsiú faoin áit áirithe sin. Roghnaigh mise An Chultúrlann. Is príomhionad na Gaeilge í an Chultúrlann, ar Bhóthar na bhFál, i mBéal Feirste agus tá a lán staire ag baint leis an áit. Tá mé cinnte fosta, más rud é go bhfuil do scoil féin lonnaithe sa chathair sin, gur thug na páistí cuairt ar an áit. Mura raibh siad ann fós, tabhair leat ar thuras ann iad!

Litearthacht

Bíonn a lán gníomhaíochtaí litearthachta ag dul ar aghaidh i ngan fhios le dráma ar bith a léiriú agus a chur ar an ardán. Thiocfadh leat cuid de na tascanna scríofa seo a leanas a thriail dá mba mhian leat: Achoimre, Staidéar ar Charachtar, Litir, Scríbhneoireacht Áititheach agus Scríbhneoireacht le Rólghlacadh.

Ach, an iarraidh seo, thiocfadh leis na páistí cuireadh a ullmhú do na tuismitheoirí acu teacht chuig an dráma. Tá gach seans go mbeadh rang ag déanamh an dráma seo ag an Nollaig, agus má tá seó Nollag le bheith ann, thiocfadh leis na paistí an cuireadh a dhearadh.

Is féidir leis na páistí iad a dhéanamh ar an ríomhaire – Teicneolaíocht na Faisnéise.
Seo cúpla suíomh úsáideach chun cuirí a dhearadh:
www.smilebox.com
www.printable-greetings.com

Páiste na Muilte
Réamhullmhúchán

Ealaín
Arís eile, má tá seó Nollag le bheith ag an scoil, bainfidh na páistí sult as póstaeir a dhearadh don seó acu. Cuideoidh seo le litearthacht fosta, mar bheadh na sonraí cuí de dhíth ar an phóstaer – dáta, am, áit, srl.

Cuidíonn na póstaeir le poiblíocht agus bolscaireacht don dráma. Ach, tugann sé deis chomh maith do na páistí, agus dóibh siúd go háirithe nach raibh páirt ollmhór acu san aisteoireacht, páirt níos mó a bheith acu sa ghné seo.

Dráma/Súgradh Struchtúrtha
Ar an ábhar go bhfuil na héadaí drámaíochta uilig istigh ar scoil ag na páistí (na héadaí Victeoiriacha), thiocfadh leis an rang Lá Scoile Victeoiriach a bheith acu. Bíonn an-chraic go deo leis an lá seo agus is féidir leis na páistí neart gníomhaíochtaí a dhéanamh. Nasc iontach leis an stair agus DTO atá ann. Gléasann na páistí scoile mar pháistí Victeoiriacha agus leanann siad rialacha scoile na Victeoiriach. Féach na naisc seo thíos:
www.victorianschool.co.uk
www.woodlands-junior.kent.sch.uk
www.bbc.co.uk/schools/primaryhistory
www.teachingideas.co.uk

Cúpla suíomh úsáideach don úrscéal 'Carúl na Nollag'
Is drochrud é barraíocht gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an téama céanna. Ach, más mian leat tuilleadh a dhéanamh ar an téama seo, seo cúpla suíomh breise ar '**Charúl na Nollag**'.
www.squidoo.com/Dickens-Christmas-Carol
www.holidays.kaboose.com/christmas/
www.bbc.co.uk/arts/multimedia/dickens

Cúlra an Dráma
Is féidir an dráma seo a dhéanamh le rang iomlán, comhrang nó dhá rang ag obair le chéile. Tá sé fóirsteanach do rang a sé/seacht nó do rang atá ag obair ar *An Saol mar a Bhí* agus *Stair Áitiúil* mar chuid d'obair thionscadail ar an *Domhan Thart Orainn*. Tá sé lonnaithe i mBéal Feirste. Ach thiocfadh na logainmneacha agus na hionaid oibre a athrú, más mian leat, chun do bhlas féin a chur ar an dráma. Chuaigh an tréimhse ama seo, na Victeoiriaigh, i bhfeidhm ar a lán cathracha agus bailte i gCúige Uladh, mar shampla na canálacha in lúr Cinn Trá, agus ciall an logainm *Oileán an Ghuail*. Is féidir, mar sin, an dráma a lúbadh ag brath ar do chomhthéacs féin.

Casann muid le buachaill scoile nach bhfuil mórán dúile aige ina chuid oibre, go háirithe sa stair. Ar an bhealach abhaile dó ón scoil, gearrann sé an t-aicearra trí sheanmhuileann sa cheantar agus téann sé siar in am go sean-Bhéal Feirste agus aimsir na muilte. Tarlaíonn a lán eachtraí ar an bhealach dó agus foghlaimíonn sé go bhfuil an stair agus an domhan thart air an-chorraitheach ar fad!

Is dráma staire é seo a bhaineann le fás na tionsclaíochta, go háirithe i mBéal Feirste sna blianta 1890-1920. D'fhás Béal Feirste mar chathair nuair a phlódaigh na mílte duine isteach sa chathair ar lorg oibre sna monarchana agus sna muilte.

Baineann an dráma leis an stair áitiúil agus leis na droch-choinníollacha maireachtála agus oibre a bhí ag an lucht oibre. Tugann sé léargas dúinn chomh maith ar an saol mar a bhí – seanphoist, an córas aicmeach agus cluichí sráide. Is fuinneog ar an stair é gan amhras.

Na Réimsí Foghlama (Naisc leis an Churaclam):
Forbairt Phearsanta – meas agus luach ar gach duine beag beann ar chúlra ná airgead; an dóigh ar pléadh le páistí céad bliain ó shin – páistí ag obair, cearta na bpáistí – fostú páistí sa lá atá inniu ann; scileanna comhoibrithe a théann le dráma.

Domhan Thart Orainn – stair, an saol mar a bhí, an réabhlóid thionsclaíoch, sean-Bhéal Feirste, stair áitiúil.

Litearthacht – forbairt teanga, carachtair, urlabhraíocht, rólghlacadh, léitheoireacht, ag cur agallaimh ar sheanduine le fáil amach faoin saol mar a bhí (*gníomhaíochtaí*).

Ealaín – seit agus frapaí a dhearadh agus a thógáil, póstaeir a tharraingt ag fógairt an dráma, cuirí a dhearadh chun cuirí a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus ranganna eile teacht le hamharc.

Ceol – uirlisí ceoil, amhráin a théann le dráma agus seanchluichí sráide.

Corp Oideachas – triail a bhaint as na seanchluichí sráide – caitheamh cliobóg (*leapfrog*) agus cleas na bacóide (*hop scotch*).

An tArdán

B'fhearr i bhfad an cúlra a choinneáil simplí. Tig leat dhá chúlra/chúlbhrat a dhéanamh más mian leat. Thiocfadh ceann a dhéanamh do thús an dráma – suíomh scoile nua-aimseartha mar shampla. Ach, níl seo riachtanach.

Thiocfadh seansráideanna Victeoiriacha a tharraingt ar chúlbhrat agus é in úsáid mar chúlra. Is féidir le radharc sráide a bheith iontach éifeachtach; tithe, foirgnimh, siopaí, monarchana, simléir agus tithe pobail. Is féidir an ceann céanna a úsáid don dráma eile sa phacáiste seo d'EC 2, '**Carúl na Nollag**'.

Is féidir leis na páistí, ar ndóigh, bheith ag obair ar an seit faoi stiúir an mhúinteora. Fanfaidh an cúlra nó an cúlbhrat in airde ó thús deireadh an dráma.

Carachtair

Ag brath ar líon na bpáistí sa rang, nó má tá dhá rang ag obair le chéile, is féidir le beirt nó triúr in amanna an pháirt chéanna a bheith acu. Mar shampla, thiocfadh líon na bpáistí scoile nó líon na bpáistí oibre a mhéadú go measartha furasta.

Cuir gach páiste ar an ardán ón tús ina seasamh i líne nó mar dhá ghrúpa agus binsí in úsáid. Ansin, bheadh gach dalta infheicthe ó thús deireadh; an cór ar an ardán agus thiocfadh na haisteoirí teacht amach chun tosaigh ag na hamanna cearta.

An Cór: gach duine sa dráma/sa rang
Páistí scoile: scaifte beag suas go ceathrar nó níos mó
Páiste a hAon: páirt ollmhór
Múinteoir: páirt bheag
Wrapper Upper: páirt bheag
Máthair: páirt measartha mór
Páistí oibre: scaifte beag – 6/8 nó 8/10 ag brath ar rang
Millies: páirt measartha mór
Bobby Mc Kay: páirt measartha beag
Bainisteoir: páirt mhór
Léitheoirí nuachta/tuairisceoirí: páirt measartha mór

Feisteas

Arís eile, b'fhearr i bhfad rudaí a choinneáil simplí. Is féidir leis na páistí a bheith gléasta mar seo a leanas:

An Cór – Seanéadaí Victeoiriacha

Buachaillí – bairéad bréidín (caipín), bríste, léine agus bástcóta (dathanna dorcha)

Cailíní – seál, gúna dorcha simplí, léine (dathanna dorcha)

Thiocfadh leis na haisteoirí a bheith cosnochta fosta. Cuirfidh sé le héifeacht an dráma chun páistí bochta an lucht oibre a léiriú.

Páistí scoile – an éide scoile acu féin a chaitheamh.

Tá sé tábhachtach go bhfuil sé soiléir go bhfuil difear suntasach idir na seanéadaí agus na héadaí nua-aimseartha.

Múinteoir – éadaí múinteora

Tuairisceoirí – éadaí slachtmhara néata

Bainisteoir – culaith, léine, carbhat – cuma níos tábhachtaí/saibhre air/uirthi ná ar na carachtair eile

Scéalaithe – gnáthéadaí nó na seanéadaí Victeoiriacha.

Frapaí

Cuireann frapaí go mór le drámaí. Ach, tá sé tábhachtach fosta gan dearmad a dhéanamh go bhfuil a lán le déanamh ag na páistí cheana féin idir aisteoireacht, cheol agus línte a fhoghlaim.

Níl anseo ach cúpla féidearthacht i dtaca le frapaí de. Is féidir cur leis nó baint de. Is féidir na frapaí a thógáil agus a dhearadh san Ealaín nó i dTeicneolaíocht na Faisnéise.

Leabhar scoile nó leathanach obair bhaile do na páistí scoile
Uirlisí ceoil
Uaireadóir mór do Bobby McKay
Eiteán
Micreafón do thuairisceoirí nuachta

Na Radhairc

Radharc a hAon: na páistí scoile taobh amuigh den scoil

Radharc a Dó: Páiste a hAon, i ndiaidh dul siar in am – páistí oibre ag déanamh réidh don lá oibre

Radharc a Trí: sa mhuileann

Radharc a Ceathair: Páiste a hAon, ar ais sa lá atá inniu ann

Páiste na Muilte
An Dráma

Amhrán (*Ag ceol le fonn* '***Gleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair***')

Céad slán ag sléibhte maorga Chontae Aontroma
Agus dhá chéad slán ag an Sliabh Dubh, ina stua os cionn caor is coll.
Nuair a ghluais mise thart le Cluain an Bhogaigh go ciúin sa ghleann ina luí,
D'fhág mé slán ar feadh seal ag Bóthar na bhFál, is beag nár bhris mo chroí.
(*faoi dhó*)

Radharc 1

(*Taobh amuigh de gheata na scoile/an tseomra ranga. Tá an lá scoile thart. Tá grúpa beag páistí ag caint agus ag tabhairt amach faoi obair scoile agus faoin mhúinteoir. Imíonn an múinteoir thart leis na páistí agus tosaíonn an comhrá*).

Múinteoir – Slán libh anois, a pháistí, agus ná bígí ag obair róchrua...Ha, ha!

Páiste 1 – (*Faoi iontas*)
An gcreideann sibh an obair bhaile a thug an múinteoir sin dúinne anocht? (*Ag déanamh aithrise ar an mhúinteoir*). 'Beidh sé suimiúil,' a deir sé. 'Beidh sé sultmhar,' a deir sé. Suimiúil agus sultmhar, mar dhea!

(*Déanann na páistí gáire*).

Páiste 2 – Bíonn na Simpsons suimiúil agus bíonn spórt sultmhar.

Páiste 3 – (*Ag déanamh aithrise ar an mhúinteoir arís*). 'Faoinár gceantar féin,' a deir sé. 'An saol mar a bhí,' a deir sé. Bhuel, is cuma liom. (*Díríonn an páiste méar air/uirthi féin*).

Cór – (*Ag scairteadh na bhfocal seo amach*). Conway Mill, Ross' Mill, The Pound Loney, Falls Flax Spinners.

Páiste 4 – (*Ag déanamh aithrise ar an mhúinteoir*). 'Stair áitiúil,' a deir sé. An saol mar a bhí! Is cuma liom! An saol mar atá – is maith liom sin.

Cór – Ríomhairí, seinnteoirí MP3, gutháin phóca, teilifís ollmhór, Wii, guitar hero..... (*Is féidir gníomhaíochtaí a chur leis na focail*).

(*Briseann duine isteach ar na páistí ag dul don liosta seo*).

Páiste 1 – Ach, dáiríre, cad é faoin Obair Bhaile?

Páiste 2 – Eachtra a scríobh?

Cór – Eachtra!

Páiste 3 – Eachtra a scríobh faoi stair áitiúil againne agus na muilte leadránacha a bhí ar Bhóthar na bhFál.

Páiste 4 – Eachtra! Eachtra!, Ní tharlaíonn rud ar bith...

Páiste 1 – ...in am ar bith...

Páiste 2 – ...áit ar bith...

Páiste 3 – ...sa cheantar seo.

(*Déanann na páistí gáire. Fágann siad slán ag a chéile agus imíonn leo diomaite de pháiste amháin*).

Páiste 2,3,4 – Slán, Slán.

Páiste 1 – Ná déan dearmad ar an eachtra!! Slán. (*Ag caint leis an lucht féachana*). Tá an múinteoir sin craiceáilte. Eachtra stairiúil a scríobh, an ea? Ní thiocfadh liom a bheith gafa. (*Téann sé ar shiúlóid bheag thart ar an ardán ag glacadh a chuid ama*)

Cór – Tut, tut. (*Ag tabhairt amach le méar acu agus ag croitheadh a gcloigeann. Cluintear clog ag bualadh*).

Páiste 1 – Dia ár Sábháil. Cén t-am atá sé? Tá mé mall. Obair Bhaile. An eachtra agus mo dhinnéar. Tá mé mall. (*Déanann sé a mhachnamh seal gairid*). Tá plean agam! An t-aicearra! An t-aicearra a ghearradh tríd an seanmhuileann.

Cór – (*Guth scanrúil*). Cam díreach an ród, is é an bealach mór an t-aicearra.

(*Imíonn sé ar chúl na bpáistí, nó is féidir stua a léiriú a fhad is go dtéann sé tríd an aicearra. Is féidir uirlisí ceoil a chur isteach fosta agus soilse a úsáid leis an éifeacht a chruthú go ndeachaigh sé siar in am*).

Cór – Siar in Am, Siar in Am!!

Radharc 2

Tá an páiste i ndiaidh dul siar in am go dtí an saol mar a bhí i sean-Bhéal Feirste agus sa seanmhuileann. Tá sé anois ag siúl thart ag stánadh agus é faoi iontas. Tá scaifte de 6-8 páistí lucht oibre ina luí ar an urlár ina gcodladh agus seanéadaí orthu – seálta, léinte, bairéid bréidín srl.

Páiste 1 – Cad é seo? Cad é an chraic? Cá bhfuil mé fiú? Cad é atá ag tarlú? Ní bhíonn an seanmhuileann mar seo de ghnáth.

Wrapper Upper (*Seanphost a bheadh ag duine sa tsráid ag an am seo chun gach duine a mhúscailt. Cluintear cnag ar an doras. Ag scairteadh*). Músclaígí, éirígí, músclaígí gach duine. Déanaigí deifre. Tá sé leath i ndiaidh a cúig. Éirígí, músclaígí, is mise an wrapper upper!

(*Músclaíonn na páistí go mall, ag méanfach, ag monabhar agus ag bogadh go malltriallach. Páiste 1 ag breathnú ar gach rud*).

Wrapper Upper – Éirígí. Músclaígí. Ná bígí mall!

Máthair – Anois, a pháistí. Tá sé in am dul ar obair. Níl an dara rogha againn. Bia de dhíth. Níl go leor againn. Níl mórán aráin ná bainne fágtha. Anois, ar aghaidh libh.

(*Bogann na páistí go mall. Scairteann an mháthair orthu*).

Máthair – A haon, a dó, a trí, ar aghaidh libh!

Cór – (*Ag déanamh aithrise uirthi*). A haon, a dó, a trí, ar aghaidh libh!

Téann na páistí ina mbeirteanna agus siúlann thart ar an ardán ag rá/ag ceol:)

Páistí Oibre – Ar leath i ndiaidh a cúig, séidfidh an adharc,
Sé a chlog, caithfidh muid dul,
Agus má bhíonn tú bomaite mall,
Druidfidh Bobby Mc Kay an geata. (*faoi dhó*)

(*Agus iad ag dul don véarsa thuas don dara huair, tagann Bobby Mc Kay* (*duine de lucht an mhuilinn*) *amach agus cuireann sé deifir ar na páistí*).

Páistí na Muilte
An Dráma

Bobby Mc Kay – (*Go feargach*). Isteach libh, a smugacháin de pháistí. Isteach libh, na Millies!

(*Tugann duine de na Millies faoi deara go bhfuil páiste nua ann. Labhraíonn sí leis an pháiste a chuaigh siar in am*).

Milly 1 – Haigh. Tusa. Tar linne nó beidh tú i dtrioblóid. Glacfaidh siad airgead uait nó níos measa...

Milly 2 – Sea, níos meas. Beidh ort airgead a thabhairt dóibh chun do phost a choinneáil. Trí phingin má tá tú mall. Scannalach!

Cór – Scannalach!

Páiste 1 – Cé thusa? An milly thú? Thug an fear feargach sin milly ort.

Milly 1 – Is milly mé. Is millies muid. Oibríonn muid sa mhuileann, ar ndóigh.

Páiste 1 – Tá aithne agam ar chúpla milly, ach ní oibríonn siad sna muilte. Téann siad ar scoil liomsa.

Milly 2 – Ní thuigim. Ach tar linn go gasta nó caillfidh muid trí phingin.

Páiste 1 – Bhuel. Maith go leor. Tá mé i dtrioblóid le mo mhamaí agus le mo mhúinteoir cibé. Rachaidh mé cinnte.

(*Tugann na millies Páiste 1 leo isteach sa mhuileann. Imíonn an triúr den ardán. Cluineann muid Páiste 1 ag scairteadh*).

Páiste 1 – Tá i bhfad níos mó ná trí phingin agam.

Radharc a Trí

(*Feiceann muid páistí na muilte i mbun oibre ar an ardán, ag déanamh rudaí éagsúla. Is féidir na fuaimeanna éagsúla seo a léiriú leis na huirlisí ceoil. Bíonn na páistí ag máirseáil thart ar an ardán. Thiocfadh leat gach duine a chur isteach sna gníomhaíochtaí seo. Leis na fuaimeanna éagsúla, bheadh gníomhachtaí éagsúla ag dul leis na meaisíní éagsúla a léiriú*).

Páistí na Muilte/Millies – (*Grúpa mór le chéile.*)

Trup, trap, trup, trap, trup, trap;
Clagarnach, gliogarnach, clagarnach, gliogarnach, clagarnach, gliogarnach;
Tormán, torann, tormán, torann, tormán, torann;
Fothram, fuaim, fothram, fuaim, fothram fuaim.

(*Tagann grúpa i ndiaidh grúpa amach ag dul do na fuaimeanna thuas le gníomhaíochtaí simplí agus uirlisí ceoil*).

P na M Grúpa 1 – (*Ag máirseáil, ag greadadh cos, ag bualadh bos*).
Trup, trap, trup, trap, trup, trap (*faoi dhó*)

P na M Grúpa 2 – (*Triúr nó eile os comhair triúr/eile ag bogadh isteach is amach*).
Clagarnach, gliogarnach, clagarnach, gliogarnach, clagarnach, gliogarnach. (*faoi dhó*)

P na M Grúpa 3 – (*Déanfaidh siad ciorcal nó dhó le duine sa lár a chasfaidh siad thart agus thart*)
Tormán, torann, tormán, torann, tormán, torann. (*faoi dhó*)

P na M Grúpa 4 – (*Ag dul i scuaine agus ag ardú agus ag ísliú*).
Fothram, fuaim, fothram, fuaim, fothram fuaim. (*faoi dhó*)

(*Amharcann Páiste 1* (*an páiste a chuaigh siar*) *thart le hiontas an domhain agus na gníomhaíochtaí agus na fuaimeanna ag dul ar aghaidh. Sa deireadh, labhraíonn sé leis an Milly a chuidigh leis*).

Páiste 1 – Cad é faoi Dhia atá ag dul ar aghaidh? Agus, cá bhfuil mé?

Milly 1 – Ag déanamh línéadaigh atá muid. Línéadach.

Cór – Línéadach!

Milly 2 – Seo Muileann Mhic Chon Mhidhe, Bóthar na bhFál. An muileann is fearr sa chathair seo. Nach bhfuil sin ceart!

Cór – Sin ceart!

(*Sa chór, agus chun seans a thabhairt do gach duine, bheadh focal le scairteadh amach ag gach páiste ag an phointe seo. Focail a bhaineann leis an tionscal línéadaigh*).

Cór – (*focal an duine*) Fíodóirí, eiteánaigh (doffers), sníomhadóirí, siostalóirí (hacklers), millies, glantóirí, spréadóirí.

Cór – (*Le chéile*) Páistí na Muilte! Sin ceart!

Bainisteoir – Anois. Is leor sin den amaidí agus den raiméis. Tá sé a sé a chlog. Obair, obair agus níos mó oibre.

Cór – Obair, obair agus níos mó oibre!

(*Labhraíonn an bainisteoir le páistí na muilte, ag cur ina luí orthu go gcaithfidh siad a bheith ag obair. Is féidir na ceithre ghrúpa de Pháistí na Muilte a úsáid arís anseo*).

Bainisteoir – (*Labhraíonn sé leis an chéad ghrúpa. Déanann siad ciorcal agus castar thart páiste sa lár*). Sníomhaigí agus tiontaígí an líon sin. Anois!

Bainisteoir – (*Labhraíonn sé leis an dara grúpa. Luíonn triúr nó ceathrar ar an urlár agus rollann duine amháin thar an triúr nó an cheathrar eile cúpla uair*). Brúigí agus fáiscigí an líon sin. Déanaigí deifir!

Bainisteoir – (*Labhraíonn sé leis an tríú grúpa. Seasann siad i líne agus úsáideann siad na lámha acu lena thaispeáint go bhfuil siad ag ceangal sreinge*). Ceanglaígí an líon do na fíodóirí. Bígí cúramach!

Bainisteoir – (*Labhraíonn sé leis an cheathrú grúpa. Tagann siad amach, seasann i líne agus cuireann duine ó bhun go barr na scuaine*). Snasaígí agus glanaigí an líon do na fíodóirí. Ná brisigí é!

Bainisteoir – (*Amharcann an bainisteoir thart. Go tobann, scairteann sé amach*). Stopaigí, in ainm Chroim. Dia ár sábháil!

(*Déanann páistí na muilte líne mhór amháin ar an ardán. Déanann an bainisteoir scrúdú orthu agus labhraíonn*). Cuirigí stop leis an obair. Fuistigí. Tá eiteán i ndiaidh titim isteach san inneall fíodóireachta. Beidh ar dhuine de na smugacháin de pháistí anseo dul isteach faoina choinne.

(*Tá páistí na muilte uilig ar crith le heagla, ag breathnú go neirbhíseach ar a chéile*).

Bainisteoir – (*Siúlann an bainisteoir anonn is anall ag amharc go cúramach ar an líne páistí*). Fan go bhfeice mé anois.....mmmmmmm..... Tusa!

Milly 2 – Mise?

Bainisteoir – Sea, tusa. Tá tú beag agus solúbtha. Déanfaidh tusa cúis. Isteach leat.

Páistí na Muilte
An Dráma

Briseann páistí na muilte ón líne mhór amháin go ndéanann dhá line, ag amharc ar aghaidh a chéile. Seasann Milly 2 léi féin, cuma neirbhíseach uirthi. Luascann siad a lámha agus greadann siad a gcosa agus an Milly ag déanamh a bealaigh suas an bhearna idir an dá líne Léiríonn siad gur inneall fuála atá ann. Bíonn páistí na muilte ag dul do na focail a bhaineann leis na fuaimeanna arís).

Páistí na Muilte – Trup, trap, trup, trap, trup, trap;
Clagarnach, gliogarnach, clagarnach, gliogarnach, clagarnach, gliogarnach;
Tormán, torann, tormán, torann, tormán, torann;
Fothram, fuaim, fothram, fuaim, fothram fuaim.

(*Tagann Milly 2 amach ar an taobh eile slán sábháilte agus eiteán ina lámh*).

Cór – Tá sí slán! Hurá!

Páistí na Muilte – Tá sí slán! Hurá!

Bainisteoir – Ar ais ar obair anois!!!

(*Ritheann gach duine ar ais chuig an áit ar thosaigh siad sa dráma*).

Cór – Scéal Práinneach! Scéal Práinneach!

(*Tagann beirt léitheoirí nuachta amach chun tosaigh*).

Léitheoir Nuachta 1 – Dia daoibh. Is mise..... Inniu i Muileann Mhic Chon Mhidhe ar Bhóthar na bhFál, ba bheag nach raibh tubaiste mharfach ann.

Léitheoir Nuachta 2 – Sin ceart. Bhí ar chailín óg, aon bhliain déag d'aois, dul isteach i gceann de na hinnill agus eiteán a fháil. Bhí an t-ádh dearg léi nár maraíodh í.

L N 1 – Ní seo an chéad uair, áfach, gur tharla eachtra mar seo. Seachtain ó shín, ní raibh an t-ádh céanna le Sarah Jane Quinn ó Shráid Chluain Dara sa mhuileann chéanna. Ar an drochuair, fuair sí bás.

L N 2 – Gortaíodh go dona í agus fuair sí bás sí san Otharlann Ríoga.

Cór – (*Cromann gach duine a chloigeann nó baineann siad de/di a c(h)aipín. Tost gairid*).

Léitheoirí (*Le chéile*) Sin a bhfuil againn. Slán agus beannacht.

(*Cluintear adharc nó feadóg do dheireadh an lae oibre. Déanann Páistí na Muilte scuaine arís agus téann siad ag máirseáil ar an ardán*).

Páistí na Muilte – (*Le chéile*) Deireadh an lae! Hip hip hurá!

(*Imíonn na páistí ón mhuileann agus nuair atá siad saor, tosaíonn siad ar chluichí sráide.
Déanann siad scipeáil, léimeanna agus cluichí ag bualadh bos, agus ceolann siad. Casann siad Páiste 1 (an páiste a chuaigh siar in am) thart agus thart.*

P na M – (*Ag ceol le fonn '**My Aunt Jane**'*)
M'aintín Jane, ghair sí liom,
Thug sí tae óna bosca beag.
Leathbhapa le siúcra ar an bharr
Agus trí liathróid dhubha óna siopa beag.
(*faoi dhó*)

(*Casann siad Páiste 1 thart agus thart. Tagann mearbhall air agus titeann sé de phlimp ar an urlár i lár an ardáin. Cluintear uirlisí ceoil nó feictear soilse mar a tharla ag tús an dráma*).

Cór – Ar ais in am. Ar ais in am.

Radharc a Ceathair

Páiste 1 – Aaaaahhhhhh!!!!! Mo chloigeann. Mo chloigeann. Tá mearbhall i mo cheann. Cad é a tharla dom? Cá raibh mé? An seanmhuileann! Muileann Mhic Chon Mhidhe! Bhí mé ann. Bhí mé ag obair ann, nach raibh? (*Suíonn sé agus déanann machnamh tamall*).

OBAIR BHAILE! Bhuel, tá ábhar scéil agam anois! Slán!

Gach duine – (*Ceol – an t-amhrán céanna a bhí ann ag tús an dráma*).

Céad slán ag sléibhte maorga Chontae Aontroma.....

AN DEIREADH

Páiste na Muilte
Na hAmhráin

Na hAmhráin

Baineann na páistí an-sult as an amhránaíocht, agus is bealach iontach furasta agus éifeachtach iad na hamhráin chun cur le saibhreas teanga na bpáistí. Is féidir na huirlisí ceoil a úsáid le tionlacan a dhéanamh agus de ghnáth, faoin am seo in EC 2, bheadh páiste ábalta uirlisí ceoil a sheinm. Is fiú úsáid a bhaint as cibé tallann agus cumas ceoil atá ag na páistí sa rang. Bheadh a fhios ag an mhúinteoir ranga faoi seo.

Is féidir gníomhaíochtaí simplí a chur leis na hamhráin. Bíonn sé seo úsáideach i ndráma ar bith. Is féidir leis an mhúinteoir cur leis na hamhráin seo agus baint díobh fosta ag brath ar ábaltacht an ranga agus na bpáistí.

Tá aon amhrán mór amháin sa dráma seo. Ceoltar é ag an tús agus ag an deireadh. Is féidir é a cheol leath bealaigh tríd más mian leis an mhúinteoir, nó véarsa amháin a úsáid idir radhairc nó, mar shampla, nuair atá an príomhcharachtar, Páiste a haon, ag teacht chuige féin ar an ardán ag deireadh an dráma.

Tá gach seans go bhfuil bunleagan den amhrán seo ar eolas ag na páistí. Mura bhfuil, is deis iontach í seo le ceann de na móramhráin Ghaeilge a theagasc do na páistí.
Tá an t-amhrán seo bunaithe, ar ndóigh, ar '***Ghleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair'*** a scríobh Proinsias Ó Maonaigh.

Amhrán 1
(*Ag ceol le fonn* '***Gleanntáin Ghlas' Ghaoth Dobhair'***).

Céad slán ag sléibhte maorga Chontae Aontroma
Agus dhá chéad slán ag an Sliabh Dubh, ina stua os cionn caor is coll.
Nuair a ghluais mise thart le Cluain an Bhogaigh go ciúin sa ghleann ina luí,
D'fhág mé slán ar feadh seal ag Bóthar na bhFál, is beag nár bhris mo chroí.
(*faoi dhó*)

Smaointe le haghaidh gníomhaíochtaí fisiciúla san amhrán

Véarsa a haon

1. líne a haon – páistí ag luascadh lámh, ag fágáil slán, cruth triantáin á dhéanamh acu don sliabh agus ag scairteadh "Aontroim" do chontae acu féin. (is féidir seo a athrú, ar ndóigh, go contae ar bith).
2. líne a dó – páistí ag luascadh lámh arís agus ag síneadh lámh suas i dtreo na spéire le hairde na sléibhte a thaispeáint.
3. líne a trí – ag spaisteoireacht ar an spota, ag siúl go héadrom le gluaiseacht a léiriú.
4. líne a ceathair – ag díriú méar i dtreo an phríomhbhóthair, amach as an halla, ar bhealach.
5. líne a cúig – níos fadálaí an iarraidh seo (seo an dara uair dóibh ag dul don líne seo). Dhéanfadh na páistí dorn dá lámh agus é a cur anuas ar an chroí acu.

Amhrán 2
(*Ag ceol le fonn* '***My Aunt Jane'***).

M'aintín Jane, ghair sí liom,
Thug sí tae óna bosca beag.
Leathbhapa le siúcra ar an bharr
Agus trí liathróid dhubha óna siopa beag. (*faoi dhó*)

Is aistriúchán é seo de véarsa amháin ón seanamhrán sráide clúiteach '***My Aunt Jane'***.

Páiste na Muilte
Gníomhaíochtaí

Téann Páistí na Muilte siar go dtí deireadh ré na Victeoiriach agus go dtí an t-am a raibh an réabhlóid tionsclaíoch faoi lán seoil in oirthuaisceart na hÉireann.

Tá a lán féidearthachtaí ann le haghaidh gníomhaíochtaí litearthachta agus DTO sa dráma seo. Is féidir bileoga oibre agus gníomhaíochtaí a dhéanamh bunaithe ar na topaicí seo a leanas: na Victeoiriaigh, Stair Bhéal Feirste, Fostú Páistí.

A. Stair/DTO – Ag dul siar ar an tréimhse Victeoiriach, cad é mar a fuair an tréimhse seo an t-ainm sin, ag amharc ar ainmneacha tréimhsí eile sa stair – Na Ceiltigh, Na Rómhánaigh, srl. Thiocfadh leis na páistí amlíne a dhéanamh in ord croineolaíoch.

B. Stair/DTO/Stair Áitiúil – Is furasta naisc a dhéanamh anseo leis an tréimhse Victeoiriach in Éirinn agus An Gorta Mór, ar ndóigh.

C. Stair/DTO – Feiceann muid sa dráma go bhfuil an seanmhuileann in úsáid ag na páistí mar aicearra. Ach, céad bliain ó shín, bheadh sé ina áit mhór fostaíochta sa cheantar. Is féidir amharc ar na seanfhoirgnimh sa cheantar agus trácht a dhéanamh ar fhás na gcathracha sa réabhlóid thionsclaíoch.

D. Forbairt Phearsanta/Foghlaim don Saol – Cluineann muid sa dráma faoi na seanphoist nach bhfuil ann níos mó. Thiocfadh leis na páistí liosta a dhéanamh de na seanphoist seo agus tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh orthu iad féin.

Thiocfadh leo machnamh a dhéanamh ar an chineál fostaíochta ba mhaith leo nuair a bheidh siad níos sine agus an saol acu a chur i gcomparáid le páistí bochta an lucht oibre agus páistí atá ag fulaingt sa lá atá inniu ann san Afraic, mar shampla.

Is féidir leo fosta labhairt/plé faoin chineál fostaíochta ba mhaith leo.
Tá an-chuid féidearthachtaí anseo le taighde a dhéanamh ar 'Fostú Páistí' agus 'Cearta na bPáistí'. Thiocfadh leis na páistí eolas a aimsiú ar na tíortha sin agus ar an chineál oibre a dhéanann páistí iontu sa lá atá inniu ann.

Is féidir eolas a fháil ar shuíomh **Trócaire** agus ***Amnesty International***, mar shampla.

Féach ar na suíomhanna anseo thíos, go háirithe, suíomh BOLBF (BELB) mar a bhfuil neart áiseanna agus gníomhaíochtaí le híoslódáil.
www.amnesty.org.uk
www.trocaire.org/schoolresources
www.belb.org.uk/downloads/pdmu_lift_off.pdf

E. Forbairt Phearsanta – Feiceann muid sa dráma na droch-choinníollacha maireachtála agus oibre atá ag páistí lucht oibre. Is féidir comparáid a dhéanamh idir saol na bpáistí sin agus saol na bpáistí sa lá atá inniu ann. Thiocfadh leat breathnú, fosta, ar thíortha sa lá atá inniu ann ina bhfuil droch-choinníollacha maireachtála agus oibre iontu go fóill.

F. Corpoideachas – Feiceann muid, ag deireadh an dráma, nuair atá am spraoi ag na páistí lucht oibre, go mbíonn siad ag súgradh agus ag imirt cluichí. Thiocfadh leis na páistí triail a bhaint as na seanchluichí sráide seo agus cluichí dá gcuid féin a chumadh ag cur béime ar an easpa trealaimh a bheadh acu.

G. Litearthacht – Is féidir leis na páistí liosta a dhéanamh de na seanchluichí Victeoiriacha agus cluichí sráide acu féin. Is fiú an liosta a scrúdú agus a iniúchadh do chosúlachtaí agus difríochtaí. Thiocfadh cluiche amháin a roghnú agus rialacha an chluiche sin a mhíniú. Bheadh ar an pháiste úsáid a bhaint as an fhoirm ordaithe den bhriathar – Cuir, déan, tóg srl.

H. Litearthacht – Is fiú go mór scríbhneoireacht chruthaitheach a bhunú ar an dráma nó ar charachtar ón dráma. Tá a lán féidearthachtaí anseo:

1. Achoimre ar an dráma i bhfocail an pháiste
2. Staidéar ar Charachtar – carachtar ar bith
3. Litir ghearáin chuig an bhainisteoir i dtaca leis na coinníollacha
4. Scríbhneoireacht Áititheach/Argóint – ag iarraidh cearta níos fearr do na hoibrithe.

Sílim go mbeidh Scríbhneoireacht sa Ról ar cheann de na píosaí scríbhneoireachta is fearr leis an dráma áirithe seo áfach. Tá na páistí ag aisteoireacht cheana féin, agus bheadh sé furasta acu scríbhneoireacht a dhéanamh le rólghlacadh. Is féidir leo cur i gcéill gur páiste lucht oibre, meán aicmeach nó uasaicmeach iad. Thiocfadh leo amharc ar na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann leo. Is fiú don mhúinteoir déanamh cinnte de go ndéanann páistí sa rang meascán de na haicmí – cuideoidh seo le plé agus caint níos moille.

Páiste na Muilte
Gníomhaíochtaí

I. Litearthacht – Tá gach seans go mbeidh na páistí ag déanamh staidéir ar an Ghorta Mhór fosta. Más amhlaidh, is fiú triail a bhaint as na húrscéalta '***Under The Hawthorn Tree***', '***Wildflower Girl***' and '***Fields of Home***'. Is leabhair iad atá bunaithe ar an Ghorta, ach tá an léargas iontach cuimsitheach ar fad iontu ar an saol mar a bhí.

J. Litearthacht – Tá an-chuid saibhris teanga agus deiseanna tábhachtacha foghlama leis na seanfhocail sa Ghaeilge. Tá ceann amháin in úsáid ag tús an dráma. Is féidir leis na páistí seanfhocail a chruinniú agus an chiall atá leo a phlé, m.sh. '*Cam díreach an ród, is é an bealach mór an t-aicearra*' .